Focal id' Chluais.

A word in your ear. Márta '11.

Luath Déiríocht in Éirinn agus an Margadh Ime Chorcaí

Tá muintir na hÉireann ag ithe ime leis na mílte bliain. Tá an t-im is sine ar domhan dár dáta 3,500 bliain d'aois agus deineadh in Éirinn é. Bhí daoine ag déanamh ime i dtreo is go mbeadh táirgí déiríochta acu i rith an gheimhridh nuair nach mbeadh aon bhainne ag na ba. D'fhéadfaí é a chaomhnú ar feadh tréimhse fada trí shalann a chur leis agus é a stóráil i bportach. B'é seo an slí is fearr chun luach calrach an bhainne a chaomhnú agus bhí sé go maith chun daoine a chothú. Léiríonn taifid ón 17ú haois dúinn staid na déiríochta in Éirinn ag an am sin. I dtosach na haoise bhí easpórtáil ime thart ar 1,500 tonna in aghaidh na bliana agus tá tagairtí gur easpórtáladh go dtí an Fhrainc é. Dhein Sir William Petty suirbhé ag an am sin agus dhein sé amach go raibh 600,000 ba sa tír faoi lár na haoise (1.1milliún i 2006) agus go raibh an teacht isteach ó bhó 1,798 kg in aghaidh na bliana (4,759 kg i 2006). Sa dara leath den 17ú haois bhí an t-im chun cinn mar mhír easpórtála suntasach agus go tapaigh bhí sé mar an phríomhthráchtearra easpórtála.

Bhí go leor des na táirgeoirí déiríochta ina ngrúpaí beaga d'fhir a fuair ba ar cíos ó fheirmeoirí a bhí níos saibhre ná hiad. Ach le imeacht ama bhí tionchar an-mhór ar tháirgeadh ag tréada faoi úinéireacht an fheirmeora. I 1841 ar an meán bhí 5 bó i ngach tréad i gCorcaigh (b'é 42 an meán náisiúnta i 2006) ach bhí difríochtaí móra i méid na dtréad ó fheirmeoir go feirmeoir. I ndeireadh an ochtú aoise déag agus i dtosach an naoú aoise déag bhí Margadh Ime Chorcaí mar phríomhmhargadh trádála ime na hÉireann. San 18ú agus an 19ú haois d'fhás Feirmeoireacht Déiríochta na hÉireann go tapa. Ag an am sin bhí Margadh Chorcaí ar an margadh easpórtála ime is mó ar domhan. Bhí scála na hoibríochta dochreidte. Ag a bhuaicphointe b'é 1.25 milliún steirling in aghaidh na bliana luach na tradála. Bhí ceathrú de mhilliún ceaigeanna ime ag dul tríd an margadh i mbliain amháin. Siar chomh fada leis an 18ú haois bhí córas rialaithe cáilíochta á úsáid acu. Bhí siad ar an gcéad nó b'fhéidir, an dara comhlacht ar fud an domhain a dhein bia a bhí á láimhseáil a grádáil. Cuireadh deireadh le margadh ime Chorcaí leis an aireagán de dheighilteoir meicniúla i 1879. Mar sin féin bhí fachtóir eile ann chomh maith, nach raibh tionscal ime na hÉireann dírithe ar athrú ar an margadh nó ar chomórtas nua, go háirithe i margaí ar nós an Bhreatain Mhór, áit ina raibh an daonra níos uirbí agus iad ag éileamh táirge ime le níos lú salann inti.

Im á dhéanamh sa bhaile: Cuireadh bainne isteach i mbáisín de ghnath, tar éis na mbó a chrú ar maidin. An lá dár gcionn baineadh an t-uachtar den bhainne agus cuireadh i mbáisín eile é. Leanadh leis seo ar feadh cupla lá. Ansin cuireadh isteach i gcuinneoig adhmaid é agus deineadh é a chasadh arís agus arís eile de láimh. Deineadh an bhláthach a dhraenáil ó íochtar na cuinneoige. Deineadh im uair sa tseachtain ionas go raibh sé ar fáil agus é úr agus cuireadh salann leis. Díoladh an barrachas go háitiúil, nó deineadh malartú leis d'earraí, ar nós tae sa siopa áitiúil. Tá difríocht mhór idir an t-im feirme agus an t-im déiríochta atá ar fáil sa lá atá inniu ann.

Foinse: www.bordbia.ie www. kerrygold.ie www.rte.ie/tv/eartotheground/

Clár Seirbhísí Speisialta BSL **Foinse: www.esb.ie**

Tugann cód cleachtais BSL le haghaidh seirbhísí speisialta sonraí faoi raon seirbhísí speisialta atá ar fáil:

●Is féidir le custaiméirí a bhíonn ag brath ar threalamh leictreach leighis clárú leis an BSL mar chustaiméir Tacaíochta Tosaíochta.

●Seirbhísí speisialta do chustaiméirí a bhfuil lagú radhairc orthu– (msh, Billí Braille, Billí ag Caint)

●Seirbhísí Speisialta do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu. Má tá deacracht soghluaisteachta ag custaiméir, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh le BSL chun a riachtanais a phlé agus tabharfaidh BSL comhairle faoi na roghanna is oiriúnaí atá ar fáil.

●I gcás custaiméirí aosta (iad siúd atá 66 bliana d'aois agus os a chionn) **atá cláraithe le BSL***, ní bheidh BSL ag iarraidh an leictreachas a dhícheangal ar chúis ar bith (seachas an custaiméir á iarraidh nó ar chúiseanna sábháilteachta) i míonna an gheimhridh - Samhain go Márta.

(*Tabhair faoi ndeara go bhfuil custaiméirí atá ag fáil an Liúntais Saorleictreachais ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cláraithe go huathoibríoch)

Foirmeacha Cláraithe: Caithfidh custaiméirí atá i dteideal na seirbhísí thuasluaite clárú leis an BSL (ach amháin iad siúd atá cláraithe go huathoibríoch). Tuilleadh eolais ar fáil : 1850 372 372 (8:00rn -8.00in Luan go Satharn)

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, lár mí Márta.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Reifléacseolaíocht, ar an gcéad Mháirt de gach mí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Ealaín le Pauline Dodds gach Mháirt, 2 - 4in.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
24ú Márta, le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Ranganna ceoil gach Máirt, 086 0866668.
Ealaín le Pauline Dodds gach Luan, 2 - 4in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Béilí, Dé Céadaoin & Déardaoin ag 1:00in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 026 40999/45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661 nó 026 45811
Cosliacht: Jan Cumiskey **23ú** Márta. Do choinne glaoigh ar 026 45559/40999.
Reifléacseolaíocht, ar an tríú Céadaoin de gach mhí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Ceardlainn Ealáine & Ceardaíochta – Tráthnóna/Oíche
Breis eolas ar fáil ó Mary ag 026 40999 / 45559 nó Pauline ag 026 45212.

Scoraíocht an Déardaoin.

Tá lá Fhéile Pádraig ag titim ar an tríú Déardaoin den mhí seo. In ionad an gnáth scoraíocht fuaireamar cuireadh páirt a glacadh sa pharáid i mBéal Átha'n Ghaorthaidh. Beimid ag tosnú go luath ar maidin mar tá Aifreann sa séipéal i mBéal Átha'n Ghaorthaidh ag a deich a chlog agus beidh an pharáid díreach ina dhiaidh. Beidh an Luas agus an Bus Dearg ag glacadh páirt sa pharáid. Beidh sólaistí i gCuan Barra i ndhiaidh an pharáid. Chun d'áit a chur in áirithe cuir glaoch ar 026 45661 nó 026 45811 le do thoil.

Dúcheist Tapaidh

Cén ceann is faide, 250 ceintiméadair nó 8 dtroigh?

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Déan brúitín astu**.**
Dúcheist Tapaidh: Cuireann sé an dá amadóir uibhe ar siúl ag an am céanna. Nuair a stadann an cheann a leanann ar feadh 3 nóiméad, cuireann sé an ubh isteach sa sáspan. Nuair a stadann an t-amadóir a leanann ar feadh 5 nóiméad, tá an ubh beirithe.

Lá 'le Lachtaín

Beidh Paráid i gCill na Martra in onóir do Naomh Lachtaín ar an Domhnach an 20ú lá de Mhárta tar éis Aifrinn. Beidh sólaistí ar fáil san Halla Pobail tar éis na Paráide. Fáilte roimh chách.

Focal id' Chluais i gcló le trí bliana

Tá an Focal id' Chluais á fhoilsiú le trí bliana. Nuair a thosaíomar bhí 50 ainm ar an liosta seoltaí ach tá sé tar éis méadú go dtí 250. Tá sé ar fáil ar fud an domhain ar ár suíomh www.muscrai.ie. Tá Focal id' Chluais imithe ó neart go neart agus is sibhse na léitheoirí is cúis le sin. Sé croí Focal id Chluais ná na scéalta iontacha, na paidreacha, na smaointí agus ábhair mar sin a thagann uaibhse na léitheoirí. Dá bhrí sin lean oraibh leis an obair bhreá! Go raibh míle maith agaibh arís.

Dáimhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn.

11ú Márta 7in. Óstán Ghobnatan, Baile Mhúirne.

MFG - Meitheal Mhúscraí Grúpa Sóisialta

Ar bhfuil scil agat ar mhaith leat a roinnt?
Ar mhaith leat scil nua a fhoghlaim?
Ar mhaith leat bheith páirteach i ngrúpa scileanna Cniotáil / Obair Phaistí / Ag déanamh cuilteanna etc.
Fáilte roimh gach tuairim. Teagmháil:
Séamas 026 – 45661 nó Ann 086 – 3954501.

Cleas Inchinne

Cheannaigh feirmeoir darab ainm do Sam, péire buataisí rubair ag an siopa áitiúil. Bhí dhá pholl sna buataisí ach bhí Sam go breá sásta leo. Conas san ?

Curiarrachtaí Domhanda Guinness.

An Bhó is lú ar Domhan : Tomhasadh bollatach (Dexter Cow) le Martyn agus Caroline Ryder, darab ainm di Swallow, ar fheirm Pike End, i Rishworth, Halifax, UK agus ní raibh sí ach 33.5 orlach (85cm) ar airde.

Sé 5 an méid is mó lao a rugadh in aon bhreith amháin riamh. Rugadh iad ar an 18ú Márta, 2005 ag Santa Clara Ranch, Congregacion Garza, Reynosa, Tamaulipas, Mexico.

An Madra Rua agus an Aghaidh Fidil

Ar chuma éigin bhí madra rua i seomra stórais in amharclann. Go tobann chonaic sé aghaidh ag stánadh anuas air agus bhí sé scanraithe; ach ag féachaint arís thuig sé gur aghaidh fidil a úsáideann aisteoirí a bhí ann. "Ah" arsa an madra rua, " féachann tú go breá; is trua nach bhfuil aon chiall agat."

Ní mar a shíltear a bítear.